

An Bhruiséil, 23 Bealtaine 2025
(OR. en)

9260/25

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0169 (COD)**

LIMITE

**JUSTCIV 102
JAI 653
EJUSTICE 31
CODEC 657
FREMP 133**

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dlínse, an dlí is infheidhme, aithint agus forfheidhmiú beart agus comhar in ábhair a bhaineann le cosaint daoine fásta - Cur chuige ginearálta páirteach

I. RÉAMHRÁ

1. An 31 Bealtaine 2023, ghlac an Coimisiún togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dlínse, an dlí is infheidhme, aithint agus forfheidhmiú beart agus comhar in ábhair a bhaineann le cosaint daoine fásta¹ mar aon le togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraitear do na Ballstáit roghnú a bheith ina bpáirtithe nó fanacht ina bpáirtithe, chun leasa an Aontais Eorpaigh, i gCoinbhinsiún an 13 Eanáir 2000 maidir le Cosaint Idirnáisiúnta Daoine Fásta ('Coinbhinsiún HCCH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta')².

¹ 10108/23.

² 10136/23.

2. Is é is aidhm do na tograí feabhas a chur ar chosaint trasteorann daoine fásta nach bhfuil in ann a leasanna féin a chosaint mar gheall ar gcumas pearsanta a bheith lagaithe nó neamhleor agus a áirithiú go n-urramófar a gceart chun neamhspleáchais aonair, lena n-áirítear an tsaoirse chun a roghanna féin a dhéanamh maidir lena bpearsa agus socruithe amach anseo, agus iad ag gluaiseacht ar chríocha an Aontais.
3. Ní chumhdaítear leis an nóta seo ach an togra le haghaidh Rialacháin. Déileálfar leis an togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle dá dtagraítear i bpointe 1 ag céim níos déanaí.
4. Tá an togra le haghaidh Rialachán bunaithe ar Airteagal 81(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) (an gnáthnós imeachta reachtach).
5. I bParlaimint na hEorpa, is ar an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla (JURI) atá an phríomhfhreagracht. Ceapadh Jana TOOM (Renew) ina rapóirtéir.
6. Ghlac an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a thuairim maidir leis an togra an 19 Iúil 2023³.
7. An 13 Nollaig 2023, ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim maidir leis an togra seo⁴.
8. Sa Chomhairle, tá an scrúdú ar an togra á dhéanamh ag an Meitheal um Ábhair Dlí Shibhialta (Cosaint Daoine Fásta) (dá ngairtear ‘an Mheitheal’ anseo feasta).
9. Tháinig an Mheitheal le chéile go rialta chun an togra a phlé. Díríodh go háirithe ar Chaibidlí I go V (Raon feidhme agus Sainmhínithe; Dlíinse; An Dlí is Infheidhme; Aithint agus Forfheidhmiú; Ionstraimí Barántúla) lena gcumhdaítear príomhfhorálacha an Rialacháin. Measann an Uachtaránacht go bhfuil téacs atá sna Caibidlí sin faoi láthair cobhsaí agus gur comhréiteach cothrom atá ann ina léirítear an raon leathan seasamh atá ag na Ballstáit.

³ 12072/23.

⁴ IO C/2024/1581.

10. Is é an toradh ar an bplé go dteastaíonn níos mó ama chun tuilleadh staidéir a dhéanamh ar an gcuid eile den téacs, go háirithe maidir le cláir a chruthú agus a idirnascadh, agus maidir leis an gcomhar i gcás cur i mbunaíocht.
11. Dá bhrí sin, ba mhaith leis an Uachtaránacht a téacs comhréitigh maidir le Caibidlí I go V, cé is moite de na tagairtí do chláir (Airteagal 1(h)), agus do chur i mbunaíocht (Airteagal 10(1)(c)) a chur faoi bhráid na Comhairle, le haghaidh cur chuige ginearálta páirteach, a thíolacfar níos déanaí i dteannta théacs cobhsaithe comhfhreagrach Chaibidlí VI go XII. Ní áirítear sa chur chuige ginearálta páirteach aon tagairt do na Caibidlí, na haithrisí agus na hIarscríbhinní sin. Ina theannta sin, is féidir na forálacha a chumhdaítear leis an gcur chuige ginearálta páirteach a oiriúnú níos déanaí má mheastar gur gá sin i bhfianaise na caibidlíochta maidir le Caibidlí VI go XII.
12. Níor bhain Éire úsáid as an deis, a leagtar amach in Airteagal 3 de Phrótacal (Uimh. 21) a ghabhann leis na Conarthaí maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, a bheith rannpháirteach i nglacadh agus cur i bhfeidhm an Rialacháin atá beartaithe. I gcur i bhfeidhm Phrótacal (Uimh. 22) a ghabhann leis na Conarthaí maidir le seasamh na Danmhairge, ní bheidh an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin bheartaithe.

II. PRÍOMHGHNÉITHE AN TÉACS COMHRÉITIGH ÓN UACHTARÁNACHT

13. Cuireadh tús leis an gcéad scrúdú ar an togra an 19 Iúil 2023 agus rinneadh é thar 17 gcluinniú as a chéile den Mheitheal le linn Uachtaránacht na Spáinne, Uachtaránacht na Beilge, Uachtaránacht na hUngáire agus Uachtaránacht na Polainne.
14. I gcomhréir leis an ardtosaíocht pholaitiúil a leagadh síos don togra, chinn an Uachtaránacht a cuid iarrachtaí a dhíriú ar shraith de Chaibidlí lárnacha chun dul chun cinn nithiúil a bhaint amach agus chun teacht ar chomhaontú maidir le gnéithe tábhachtacha den togra.

15. Chun cur leis an dul chun cinn a rinneadh le linn na gcrúinnithe roimhe seo, thíolaic Uachtaránacht na Polainne roinnt téacsanna athbhreithnithe maidir le Caibidlí I go V ag cúig chruinniú den Mheitheal agus ag dhá chruinniú de Chomhairleoirí CGB. D'fhéach an Uachtaránacht leis an téacs a chuíchóiriú, an raon feidhme agus príomhrialacha an dlí idirnáisiúnta phríobháidigh a shoiléiriú (dlínse, an dlí is infheidhme, aithint agus forfheidhmiú, ionstraimí barántúla) chomh maith le comhsheasmhacht a áirithiú le Coinbhinsiún HCCH 2000 ar an ábhar céanna⁵ agus oibleagáidí an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát maidir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas á gcur san áireamh ag an am céanna.
16. Leagtar príomheilimintí an téacs comhréitigh amach anseo:
- a) An gaol le Coinbhinsiún HCCH 2000 maidir le Cosaint Idirnáisiúnta Daoine Fásta
- Is é is aidhm don togra comhsheasmhacht a áirithiú le Coinbhinsiún HCCH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta. Dá thoradh sin, tá an téacs ar aon dul leis an gCoinbhinsiún a mhéid is féidir, go háirithe a mhéid a bhaineann leis na hábhair a chumhdaítear leis an gcur chuige páirteach seo. Mar sin féin, nuair is iomchuí tuilleadh a dhéanamh ar leibhéal an Aontais, rinneadh an téacs a oiriúnú chun an uaillmhian sin a léiriú.
- b) Caibidil I – Raon feidhme agus Sainmhínithe:
- Rinneadh liosta neamh-uileghabhálach na n-ábhar a chumhdaítear le raon feidhme an togra a leathnú beagán, in Airteagal 2, chun freastal ar an iarraidh ó roinnt Ballstát teanga nua-aimseartha a chur san áireamh i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas agus comhsheasmhacht le Coinbhinsiún HCCH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta a áirithiú ag an am céanna.

⁵ Tíolacadh an togra in éineacht le togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear do na Ballstáit roghnú a bheith ina bpáirtithe nó fanacht ina bpáirtithe i gCoinbhinsiún HCCH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta. Pléifear an ionstraim sin níos déanaí.

- Rinneadh na sainmhínithe in Airteagal 3, go háirithe maidir le ‘bearta’, ‘cumhachtaí ionadaíochta’ agus ‘ionadaí’ a mhionchoigeartú agus a shoiléiriú a thuilleadh sna haithrisí⁶. Cuireadh isteach sainmhíniú ar ‘cúirt’ toisc go bhfuil difríocht ann le Coinbhinsiún HCCH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta, ina dtagraítear do ‘údaráis’. Tá an téarma ‘cúirt’ níos oiriúnaí do *acquis* an Aontais i réimse an dlí idirnáisiúnta phríobháidigh. Soiléirítear leis na haithrisí freisin ról na nótairí sa réimse cosaint daoine fásta.
- In Airteagal 3, scriosadh roinnt sainmhínithe toisc gur measadh go raibh siad iomarcach. Mar shampla, níl gá a thuilleadh leis na sainmhínithe ar na cineálacha éagsúla údarás i bhfianaise an tsainmhínithe nua ar chúirt.
- Ní áirítear sa togra comhréitigh an t-ábhar a bhaineann le hidirnascadh na gclár ar gá tuilleadh plé a dhéanamh ina leith. Dá bhrí sin, ní áirítear an tagairt don topaic seo in Airteagal 1(h) sa chur chuige páirteach seo.

c) Caibidil II - Dlíinse:

- A mhéid a bhaineann le dlínse, tagraíonn an togra do Chaibidil II de Choinbhinsiún HCCH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta.
- Trí dheis a thabhairt, áfach, do dhaoine fásta cúirt a roghnú in Airteagal 6, déantar tuilleadh sa togra ná i gCoinbhinsiún HCCH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta.

⁶ D’fhormheas an Mheitheal na haithrisí roimh ré, ach níl siad mar chuid den chur chuige ginearálta páirteach seo ós rud é go n-áireofar iad sa chur chuige ginearálta deiridh.

- Chun aghaidh a thabhairt ar ábhair inní na mBallstát maidir leis an raon feidhme leathan a bhaineann le rogha neamhtheoranta cúirte, cuireann an téacs comhréitigh teorainn leis an togra trí cheithre nascfhachtóir a thabhairt isteach lena léirítear nasc láidir leis an duine fásta lena mbaineann. Dá thoradh sin, faoin téacs comhréitigh, ní thabharfar neamhaird ar rogha cúirte ach amháin má thagann sé salach ar leasanna an duine fhásta, cé gur ceanglaíodh sa togra bunaidh nach bhfeidhmeofaí an dlínse sin ach amháin dá mba chun leasa an duine fhásta é.
- D’iarr roinnt Ballstát go gcuirfí isteach Airteagal lena dtabharfaí an deis go ndéileálfadh an chúirt chomharbais le ceisteanna teagmhasacha a bhaineann le himeachtaí comharbais, mar shampla ionadaíocht do dhuine fásta. Dá thoradh sin, sa téacs comhréitigh tugtar isteach Airteagal 7a maidir le ceisteanna teagmhasacha.

d) Caibidil III – An Dlí is Infheidhme:

- Tagraíonn an togra don Chaibidil a bhaineann leis an ábhar seo i gCoinbhinsiún HCCH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta.
- Tar éis iarraidh a fháil ó Bhallstát a bhfuil níos mó ná córas dlí amháin aige, cuirtear isteach sa téacs comhréitigh roinnt forálacha a thagraíonn do rialacha inmheánacha easaontachta dlíthe sna cásanna sin. Tá an méid sin éagsúil le Coinbhinsiún HCCH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta ar cumhdaíodh níos mó ná an dlí is infheidhme ina fhorálacha críochnaitheacha comhfhreagracha.

e) Caibidil IV – Bearta a aithint agus a fhorfheidhmiú

- Luaitear i dtéacs comhréitigh Airteagal 10(1) ‘go ndiúltófar’, seachas ‘go bhféadfar diúltú’, beart a aithint sna cásanna a liostaítear ann. Tá an méid sin éagsúil le Coinbhinsiún HCCH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta ós rud é gur ann do phrionsabal na muiníne frithpháirtí idir na Ballstáit ar leibhéal an Aontais.

- Rinneadh cuid mhór plé ar an bhforas chun aithint a dhiúltú a bhaineann le héisteacht an duine fhásta. Agus tuairimí na mBallstát á gcur san áireamh, sa téacs comhréitigh, cuirtear mír 2 le hAirteagal 10 lena sonraítear ‘go bhféadfar’ diúltú an beart a aithint murar tugadh an deis don duine fásta éisteacht a fháil, ach amháin i gcás ina raibh forais thromchúiseacha ann gan é sin a dhéanamh.
- In Airteagal 9 maidir le beart a aithint agus in Airteagal 12 maidir le forfheidhmiú an bhirt sin, sonraítear sa téacs comhréitigh cén dlí a chuirfear i bhfeidhm maidir leis na nósanna imeachta comhfhreagracha.
- Ina theannta sin, tugtar aghaidh in Airteagal 15a den téacs comhréitigh ar cheist an chúnaimh dhlíthiúil le haghaidh nósanna imeachta maidir le haithint agus forfheidhmiú, ceist a cuireadh i dtosach sa Chaibidil maidir le comhar. Scríosadh na tagairtí don chabhair is fabhraí agus is fairsinge chun difríochtaí a d’fhéadfadh a bheith idir cásanna inmheánacha agus trasteorann a sheachaint.

f) Caibidil V – Ionstraimí barántúla

- Cuirtear tagairt don aistriúchán agus don traslitriú leis an téacs comhréitigh chun cur i bhfeidhm na bhforálacha sin a éascú a thuilleadh.

17. D’eisigh an Uachtaránacht togra comhréitigh críochnaitheach an 20 Bealtaine 2025 agus chuir sí faoi nós imeachta neamhfhoirmiúil an tosta é ar tháinig deireadh leis an 22 Bealtaine 2025. Tacaíonn formhór na dtoscaireachtaí leis an téacs a mhol an Uachtaránacht. Tá an Uachtaránacht den tuairim go bhfuil an téacs réidh le cur faoi bhráid Choiste na mBuanionadaithe agus na Comhairle chun teacht ar chur chuige ginearálta páirteach.

III. CONCLÚIDÍ

18. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid a leanas a dhéanamh:

- a dhearbhu go bhfuiltear ar aon fhocal maidir le téacs an chur chuige ghinearálta pháirtigh, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo é, agus
 - a mholadh don Chomhairle teacht ar chur chuige ginearálta páirteach maidir leis an téacs sin.
-

2023/0169 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le dlínse, an dlí is infheidhme, aithint agus forfheidhmiú beart agus comhar in ábhair a bhaineann le cosaint daoine fásta

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 81(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa⁷,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

[...]

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

⁷ Tuairim an 13 Nollaig 2023 (IO C/2024/1581).

Caibidil I

RAON FEIDHME AGUS SAINMHÍNITHE

Airteagal 1

Ábhar

Leagann an Rialachán seo síos na rialacha lena ndéantar an méid a leanas:

- (a) lena gcinntear an Ballstát a bhfuil dlínse ag a [...] **chúirteanna** chun bearta a dhéanamh arb é is aidhm dóibh pearsa nó maoín an duine fhásta a chosaint;
- (b) lena gcinntear an dlí a chuirfidh na [...] **cúirteanna** sin chun feidhme agus a ndlínse á feidhmiú acu;
- (c) lena gcinntear an dlí is infheidhme maidir le **tacaíocht a thabhairt don duine fásta agus** maidir le hionadaíocht a dhéanamh dó nó di;
- (d) lena bhforáiltear d'aithint agus forfheidhmiú na mbeart sin i ngach Ballstát;
- (e) lena bhforáiltear do ghlacadh ionstraimí barántúla sna Ballstáit uile;
- (f) lena mbunaítear comhar idir na **cúirteanna**, na húdaráis inniúla agus údaráis lárnacha na mBallstát chun cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach;
- ([...]g) lena gcruthaítear Deimhniú Eorpach Ionadaíochta;
- [(...)h] lena mbunaítear córas idirnasctha de [...] chláir na mBallstát maidir le **bearta, cumhachtaí dearbhaithe ionadaíochta agus cumhachtaí ionadaíochta eile**⁸;

⁸ Níl litir (h) den Airteagal seo cinntitheach. Féachfar ar cheart í a bheith ann nó as agus ar an bhfoclaíocht inti nuair a dhéanfar tuilleadh plé ar Chaibidil VIII.

(i[...])[...] creat dlíthiúil aonfhoirmeach a bhunú chun cumarsáid leictreonach a dhéanamh idir **cúirteanna**, údaráis inniúla agus údaráis lárnacha, agus **chun** cumarsáid **leictreonach a dhéanamh** idir daoine nádúrtha [...] **nó** dlítheanacha agus **cúirteanna nó** údaráis inniúla;

Airteagal 2

Raon Feidhme

1. Beidh feidhm ag an Rialachán seo in ábhair shibhialta [...] **a bhaineann** le cosaint a thabhairt i gcásanna trasteorann do dhaoine fásta nach bhfuil in ann a leasanna féin a chosaint, mar gheall ar a gcuid cumais phearsanta a bheith lagaithe nó neamhleor.
2. Beidh feidhm ag an Rialachán freisin maidir le bearta **a rinneadh i mBallstát** i leith duine fásta nach raibh 18 mbliana d'aois slánaithe ag an duine sin tráth a rinneadh na bearta.
3. Féadfaidh na hábhair dá dtagraítear i mír [...]1[...] déileáil, go háirithe, leis na nithe seo a leanas:

(aa) bearta chun tacú le duine fásta a inniúlacht dhlíthiúil nó a hinniúlacht dhlíthiúil a fheidhmiú;

(ab) na cumhachtaí ionadaíochta arna ndeonú ag duine fásta;

- (a) a chinneadh an bhfuil an duine fásta faoi éagumas agus córas cosantach a chur ar bun;
- (b) an duine fásta a chur faoi chosaint údaráis bhreithiúnaigh nó riaracháin;
- (c) caomhnóireacht, coimircíocht agus institiúidí den chineál céanna;
- (d) ainmniú agus feidhmeanna duine ar bith nó comhlacht ar bith a mbeidh pearsa nó maoin an duine fhásta faoina chúram, agus a dhéanfaidh ionadaíocht ar an duine fásta nó a chabhróidh leis;

- (e) [...] an duine fásta a chur i mbunaíocht nó in áit eile inar féidir cosaint a sholáthar;
 - (f) maoin an duine fhásta a riar, a chaomhnú nó a dhiúscairt;
 - (g) idirghabháil shonrach a údarú chun an duine fásta nó maoin an duine fhásta a chosaint.
4. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na nithe seo a leanas:
- (a) oibleagáidí cothabhála;
 - (b) pósadh nó aon ghaol comhchosúil, chomh maith le hidirscaradh dlíthiúil, a fhoirmiú, a neamhniú agus a scaoileadh;
 - (c) córais mhaoine i ndáil le pósadh nó aon ghaol dá samhail;
 - (d) iontaobhais nó comharbas;
 - (e) slándáil shóisialta;
 - (f) bearta poiblí de chineál ginearálta i gcúrsaí sláinte;
 - (g) bearta a dhéantar i leith duine mar thoradh ar chionta pionósacha a rinne an duine sin;
 - (h) cinntí maidir leis an gceart chun tearmainn agus maidir le hinimirce;
 - (i) bearta atá dírithe ar shábháilteacht an phobail amháin.
5. Ní dhéanfaidh mír [...]4[...], i leith na nithe dá dtagraítear inti, difear do theideal duine chun gníomhú mar ionadaí an duine fhásta.

Sainmhínithe

1. Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn ‘duine fásta’ duine a bhfuil 18 mbliana d’aois slánaithe aige;
- (2) ciallaíonn ‘beart’ aon bheart a dhéanann [...] **cúirt**, cibé ainm a thugtar air, atá dírithe **ar phearsa nó ar mhaoín an duine fásta** a chosaint;
- (3) ciallaíonn ‘cumhachtaí ionadaíochta’ cumhachtaí a dheonaíonn duine fásta **d’ionadaí**, faoi chomhaontú nó le gníomh aontaobhach, atá le feidhmiú **ag an ionadaí** nuair nach bhfuil an duine fásta sin in ann a leasanna féin a chosaint;
- ([...]**4**) ciallaíonn ‘cumhachtaí ionadaíochta deimhnithe’ cumhachtaí ionadaíochta a bhfuil sé deimhnithe ag **cúirt** nó ag údarás inniúil ina leith gur féidir leis an ionadaí dá ndílsítear na cumhachtaí sin iad a fheidhmiú;
- (5) ciallaíonn ‘ionstraim bharántúil’ doiciméad in ábhar a bhaineann le cosaint duine fásta a tarraingíodh suas go foirmiúil nó a cláraíodh go foirmiúil mar ionstraim bharántúil i mBallstát agus:
 - (a) a mbaineann a barántúlacht le síniú na hionstraime barántúla agus lena bhfuil inti; agus
 - (b) a bhfuil a barántúlacht bunaithe ag údarás poiblí nó ag údarás eile arna chumhachtú chun na críche sin ag an mBallstát tionscnaimh;

[...]

[...]

(6[...]) ciallaíonn ‘Ballstát tionscnaimh’ an Ballstát ina ndearnadh an beart nó inar tarraingíodh suas an ionstraim bharántúil go foirmiúil;

(7) ciallaíonn ‘ionadaí’ duine nádúrtha nó dlítheanach amháin nó níos mó arna cheapadh nó arna gcheapadh ag cúirt nó arna ainmniú nó arna n-ainmniú ag an duine fásta, nó arna údarú nó arna n-údarú leis an dlí, chun ionadaíocht a dhéanamh ar an duine fásta nó chun tacú⁹ leis an duine fásta a leasanna a chosaint;

[...]

[...]

([...]**8**) ciallaíonn ‘córas TF díláraithe’ líonra córas TF[...] **agus** pointí rochtana idir-inoibritheacha **mar a shainmhínítear i bpointe (3) d’Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2023/2844** [...];

[...]

(**2**[...]) Ciallaíonn ‘pointe rochtana leictreonach Eorpach’ **tairseach** mar a shainmhínítear i bpointe (**4**[...]) d’Airteagal 2 de Rialachán **(AE) 2023/2844**[...];

⁹ Tabharfar aird chuí ar chumhachtaí an ionadaí nuair a dhéanfar tuilleadh plé ar an caibidlí eile, go háirithe ‘Caibidil VII – Deimhniú Eorpach Ionadaíochta’, chun a ráthú nach mbeidh aon mhearbhall idir ionadaíocht agus tacaíocht sa chinnteoireacht.

2. Chun críocha an Rialacháin seo, ciallóidh an téarma ‘cúirt’ aon údarás breithiúnach agus gach údarás eile de chuid Ballstáit atá inniúil chun bearta a dhéanamh atá dírithe ar chosaint phearsa nó mhaoín an duine fhásta nó atá inniúil chun cinneadh a dhéanamh maidir le beart arna dhéanamh i mBallstát eile a aithint nó gan é aithint. Chun críocha Chaibidlí II agus III den Rialachán seo, ciallóidh an téarma ‘údarás’, a úsáidtear i gCaibidlí II agus III de Choinbhinsiún HCCH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta, cúirt freisin.

Airteagal 4

Tagairtí do Choinbhinsiún HCCH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta

Sna cásanna ina dtagraítear dó sa Rialachán seo beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Coinbhinsiún HCCH an 13 Eanáir 2000 maidir le Cosaint Idirnáisiúnta Daoine Fásta (‘Coinbhinsiún HCCH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta’) atá i gceangal leis an Rialachán seo.

CAIBIDIL II

DLÍNSE

Airteagal 5

[...] Cur i bhfeidhm rialacha dlínse Choinbhinsiún HCCH 2000 maidir le Cosaint Daoine **Fásta**

Faoi réir Airteagail **6 go 7a** den Rialachán seo, cinnfear dlínse i gcomhréir le Caibidil II de Choinbhinsiún HCCH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta.

Airteagal 6

Rogha [...] cúirte

1. D'ainneoin Airteagal 5 agus i gcás ina gcomhlíonfar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas, beidh dlínse chun **bearta a dhéanamh** ag **cúirteanna** [...] de chuid Ballstáit nach é an **Ballstát** [...] ina bhfuil gnáthchónaí ar an duine fásta é:
 - (a) roghnaigh an duine fásta [...] **cúirteanna** an Bhallstáit sin [...] **tráth a bhí** sé nó sí [...] in ann [...] **cúirt a roghnú**;
 - (aa) **tráth na rogha, b'fhíor an méid a leanas maidir leis an mBallstát ar roghnaíodh a chúirteanna:**
 - i. **is é náisiúntacht an duine fhásta é;**
 - ii. **is é gnáthchónaí an duine fhásta é;**

iii. is é gnáthchónaí duine atá gar don duine fásta agus atá toilteanach a chosaint a ghabháil de láimh é; nó

iv. is ann atá maoín an duine fhásta suite.

- (b) **níl** feidhmiú na dlínse [...] **contrártha** do leas an duine fhásta;
- (c) maidir le [...] **cúirteanna** an Bhallstáit a bhfuil dlínse aige [...] **i gcomhréir le** hAirteagail 5 [...], **6 agus** 8 de Choinbhinsiún HCCH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta, níor fheidhmigh na cúirteanna sin a ndlínse.

2.[...] Is i scríbhinn a bheidh an rogha [...] **cúirte** dá dtagraítear i mír [...]1[...] léirithe, agus beidh sé dátaithe agus sínithe ag an duine fásta. Measfar maidir le haon chumarsáid ar mhodh leictreonach lena dtabharfar taifead buan ar an rogha, gur comhionann le scríbhinn é.

3.[...]. **Sula ndéanfaidh sí aon bheart**, tabharfaidh an chúirt [...] a fheidhmíonn [...] dlínse [...] **faoi** mhír [...]1[...], [...] fógra **do chúirteanna an Bhallstáit ina bhfuil gnáthchónaí ar an duine fásta**, agus úsáid á baint aici as an bhfoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn [IV][...]. **Féadfar an fógra sin a thabhairt go díreach nó trí** Údarás Lárnach an [...] Bhallstáit **sin**[...], arna ainmniú de bhun Airteagal 18.

4. Léifear na tagairtí d’Airteagal 5 de Choinbhinsiún HCCH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta atá in Airteagail 7, [...] 9, 10 agus [...] **11** den Choinbhinsiún sin mar thagairtí a n-áirítear tagairt don Airteagal seo leo freisin. **Léifear Airteagal 8 de Choinbhinsiún HCCH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta mar thagairt don Airteagal seo freisin.** Déanfar an fhaisnéis dá bhforáiltear in Airteagal 10(4) den Choinbhinsiún sin a sholáthar freisin, i gcás inarb infheidhme, don [...] **chúirt** a d’fheidhmigh **a** dhlínse de réir mhír [...]1[...].

Dlínse neamheisiach

Ní bheidh an dlínse a thabharfar do na **cúirteanna** [...] de bhun Airteagal 6 den Rialachán seo eisiach[...]. **Go** háirithe [...], **ní chuirfear cosc ar chúirteanna** a bhfuil dlínse acu faoi Airteagail 5 [...], 6 **agus 8** de Choinbhinsiún HCCH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta [...] **é a fheidhmiú**, i gcás nár fheidhmigh an [...] **chúirt** a roghnaigh an duine fásta [...] **a** dlínse nó [...] **i gcás inar dhiúltaigh sí** an dlínse sin.

Airteagal 7a

Ceisteanna teagmhasacha

1. Má bhíonn toradh imeachtaí comharbais os comhair cúirte Ballstáit ag brath ar cheist theagmhasach a chinneadh a bhaineann le hionadaíocht an duine fásta, féadfaidh cúirt sa Bhallstát sin an cheist sin a chinneadh chun críocha na n-imeachtaí sin fiú mura bhfuil dlínse ag an mBallstát sin faoin Rialachán seo.
2. Ní bheidh éifeacht ag cinneadh maidir le ceist theagmhasach de bhun mhír 1 ach amháin sna himeachtaí a ndearnadh an cinneadh sin ina leith.
3. Más gá go dtabharfadh cúirt cead nó formheas a thabhairt maidir le gníomh dhlíthiúil a rinneadh nó atá le déanamh in imeachtaí comharbais os comhair cúirte de chuid Ballstáit thar ceann duine fásta le bheith bailí, féadfaidh cúirt sa Bhallstát sin cinneadh a dhéanamh an gníomh dlí sin a cheadú nó a fhorghheas fiú mura bhfuil dlínse aici faoin Rialachán seo.
4. Úsáidfidh an chúirt a fheidhmíonn dlínse faoi mhíreanna 1 agus 3 an fhoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn [VIII]¹⁰ chun fógra a thabhairt gan mhoill do chúirteanna an Bhallstáit ina bhfuil gnáthchónaí ar an duine fásta nó do chúirt an Bhallstáit a rinne an beart, a mhéid is eol di faoin mbeart sin. Féadfar an fógra sin a thabhairt go díreach nó trí Údarás Lárnach an Bhallstáit sin, arna ainmniú de bhun Airteagal 18.

¹⁰ Oiriúnófar aon tagairt d'iarscríbhinní a luaithe a bheidh an téacs críochnaithe.

CAIBIDIL III

AN DLÍ IS INFHEIDHME

Airteagal 8

Cinneadh an dlí is infheidhme

Déanfar an dlí is infheidhme maidir le cosaint trasteorann daoine fásta a chinneadh i gcomhréir le Caibidil III de Choinbhinsiún HCCH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta, **gan dochar d’Airteagail 8a go 8c den Rialachán seo.**

Airteagal 8a

Stáit a bhfuil níos mó ná córas dlí amháin acu - easaontachtaí dlíthe críochacha

- 1. I gcás inarb é an dlí a shonraítear leis an Rialachán seo dlí Stáit ina gcuimsítear roinnt aonad críochach ag a bhfuil a rialacha dlí féin i ndáil le hábhair a rialaítear leis an Rialachán seo, is le rialacha inmheánacha an Stáit sin maidir le heasaontacht dlíthe a chinnfear an t-aonad críochach ábhartha a mbeidh feidhm ag a rialacha dlí.**
- 2. I gcás nach ann do rialacha inmheánacha maidir le heasaontacht dlíthe:**
 - (a) Forléireofar aon tagairt do ghnáthchónaí sa Stát sin mar thagairt do ghnáthchónaí in aonad críche;**
 - (b) tagróidh aon tagairt do láithreach an duine fhásta sa Stát sin do láithreach in aonad críochach;**
 - (c) tagróidh aon tagairt do shuíomh mhaoin an duine fhásta sa Stát sin do shuíomh mhaoin an duine fhásta in aonad críochach;**

- (d) aon tagairt don Stát ar náisiúnach de an duine fásta, tagróidh sí don aonad críochach arna ainmniú le dlí an Stáit sin nó, in éagmais rialacha ábhartha, don aonad críochach ar dlúithe an bhaint atá ag an duine fásta leis;
- (e) aon tagairt don Stát ar roghnaigh an duine fásta a chúirteanna, tagróidh sé don aonad críochach más rud é gur roghnaigh an duine fásta cúirteanna an aonaid chríochaigh sin; nó mar thagairt don aonad críochach ar dlúithe an bhaint atá ag an duine fásta leis más rud é gur roghnaigh an duine fásta cúirteanna an Stáit gan aonad críochach ar leith sa Stát a shonrú;
- (f) aon tagairt do dhlí Stáit a bhfuil baint shubstaintiúil ag an staid leis, tagróidh sí do dhlí aonaid chríochaigh a bhfuil baint shubstaintiúil ag an gcás leis;

Airteagal 8b

Stáit a bhfuil níos mó ná córas dlí amháin acu - easaontachtaí dlíthe idirphearsanta

I ndáil le Stát ag a bhfuil dhá chóras dlí nó dhá thacar rialacha nó níos mó is infheidhme maidir le catagóirí éagsúla daoine i ndáil le hábhair a rialaítear leis an Rialachán seo, forléireofar aon tagairt do dhlí de chuid an Stáit sin mar thagairt don chóras dlí nó don tacar rialacha a chinntear leis na rialacha atá i bhfeidhm sa Stát sin. In éagmais rialacha maidir le heasaontacht dlíthe, beidh feidhm ag an gcóras dlí nó ag an tacar rialacha ar dlúithe an bhaint atá ag an duine fásta leis.

Airteagal 8c

Neamhchur i bhfeidhm an Rialacháin seo maidir le heasaontachtaí dlíthe inmheánacha

Ballstát ina bhfuil roinnt aonad críochach a bhfuil a rialacha dlí féin acu maidir le hábhair a rialaítear leis an Rialachán seo, ní cheanglófar air an Rialachán seo a chur i bhfeidhm maidir le heasaontachtaí dlíthe nach dtagann chun cinn ach idir na haonaid sin.

Caibidil IV

BEARTA A AITHINT AGUS A FHORFHEIDHMIÚ

ROINN 1

BEARTA A AITHINT

Airteagal 9

Beart a aithint

1. Ní bheidh gá le haon nós imeachta speisialta chun beart a ghlacfar **i** [...] mBallstát a aithint sna Ballstáit eile.
2. **Gan dochar do mhír 1**, féadfaidh aon duine leasmhar, lena n-áirítear an duine fásta lena mbaineann an beart, **iarratas a dhéanamh le cúirt** de chuid Ballstáit **le haghaidh cinneadh** [...] nach ann d'**forais dá dtagraítear in Airteagal 10 ina leith le haithint a dhiúltú, [...]**, maidir le beart arna dhéanamh i mBallstát eile **nó le haghaidh cinneadh go bhfuiltear chun an aithint a dhiúltú ar bhonn ceann de na forais sin.**
3. Má bhraitheann toradh imeachtaí atá os comhair [...] **cúirte** Ballstáit ar chinneadh maidir le ceist theagmhasach a bhaineann le [...] beart [...] a **aithint** nó [...] gan é a [...] **aithint**, **féadfaidh an chúirt** sin [...] **an tsaincheist sin a chinneadh.**
4. **Is le dlí an Bhallstáit ina n-iarrtar an aithint a rialófar an nós imeachta de bhun mhíreanna 2 nó 3, gan dochar d'Airteagal 10 agus Roinn 3.**

Foras le haithint a dhiúltú

1. Diúltófar [...] beart a rinneadh i mBallstát eile a aithint sna cásanna seo a leanas:

[...]

[...]**(a)** más léir go bhfuil an aithint sin contrártha go follasach le beartas poiblí an Bhallstáit ina n-iarrtar an aithint [...];

[...]**(b)** más rud é go bhfuil an beart ar neamhréir le beart a glacadh níos déanaí **i mBallstát eile** nó i dtríú [...] **Stát** a mbeadh dlínse aici faoi Airteagail 5 nó [...] 6[...] **den Rialachán seo**, i gcás ina gcomhlíonann an beart sin a glacadh níos déanaí na ceanglais le haghaidh an aitheanta sa Bhallstát [...] **ina n-iarrtar an aithint; Inó**

[...]**(c)** mura gcomhlíontar an nós imeachta a fhoráiltear in Airteagal [...] **21.**¹¹

2. Féadfar diúltú beart a rinneadh i mBallstát eile a aithint más rud é go ndearadh an beart gan deis a bheith tugtha don duine fásta éisteacht a fháil, ach amháin i gcás ina raibh forais thromchúiseacha ann, agus an méid seo a leanas, go háirithe, á chur san áireamh:

(a) a phráinní atá an cás;

(b) tá an duine fásta in ann tuairimí a chur in iúl.

¹¹ Níl litir (c) den Airteagal seo cinntitheach. Féachfar ar cheart í a bheith ann nó as agus ar an bhfoclaíocht nuair a dhéanfar tuilleadh plé ar Airteagal 21.

ROINN 2

IN-FHORFHEIDHMITHEACHT AGUS FORFHEIDHMIÚ BEART

Airteagal 11

In-fhorfheidhmitheacht [...]

Ní bheidh gá le dearbhú in-fhorfheidhmitheachta maidir le beart a rinneadh i [...] mBallstát agus atá in-fhorfheidhmithe sa Bhallstát sin chun go mbeidh sé in-fhorfheidhmithe i mBallstát eile.

Airteagal 12

Forfheidhmiú

- (1) 1. [...] **Beart a dhéantar i mBallstát agus atá in-fhorfheidhmithe sa Bhallstát sin, forfheidhmeofar é i mBallstát an fhorfheidhmithe agus na coinníollacha céanna a leagtar síos nuair a dhéantar beart i mBallstát an fhorfheidhmithe. Rialófar an nós imeachta maidir le forfheidhmiú beart arna ndéanamh i mBallstát eile le dlí Bhallstát an fhorfheidhmithe[...], gan dochar do mhír [...] 2 den Airteagal seo agus do Roinn 3.**
2. **Diúltófar beart a fhorfheidhmiú más ann do cheann amháin nó níos mó de na** forais le **haithint** a dhiúltú **dá dtagraítear in Airteagal 10.** Beidh feidhm ag na **forais chun** forfheidhmiú a **dhiúltú** nó a chur ar fionraí faoi dhlí Bhallstát [...] **an fhorfheidhmithe freisin** a mhéid nach bhfuil siad ar neamhréir leis na forais dá dtagraítear in Airteagal 10.

ROINN 3

FORÁLACHA COITEANNA

Airteagal 13

Gan athbhreithniú a dhéanamh maidir leis an tsubstaint

Ní fhéadfar in aon chás ábhar beart arna dhéanamh i mBallstát eile a athbhreithniú [...] sa **Bhallstát ina n-iarrtar an aithint nó inar mian é a fhorfheidhmiú** ar.

Airteagal 14

[...] Doiciméid le tabhairt ar aird chun aithint agus forfheidhmiú a iarraidh

1. Duine a bhfuil aithint [...] beart arna dhéanamh i mBallstát [...] a hiarraidh aige nó aici nó ar mian leis nó léi a fhorfheidhmiú os comhair cúirteanna nó údaráis forfheidhmiúcháin de chuid Ballstáit eile, tabharfaidh sé nó sí na doiciméid seo a leanas ar aird:
 - (a) cóip den bheart a chomhlíonann na coinníollacha is gá chun a bharántúlacht a shuíomh;
 - (b) fianú arna eisiúint de bhun Airteagal 15.
2. [...] I gcás inar gá, [...] féadfaidh a cheangal ar an duine dá dtagraítear i mír 1, i gcomhréir le hAirteagal 57a, aistriúchán nó traslitríú den bheart nó d'ábhar [...] an fhianaithe [...] a chur ar fáil.

Airteagal 15

Fianú maidir le bearta

Eiseoidh [...] **cúirt an Bhallstáit tionscnaimh**, arna iarraidh sin d'aon [...] duine **a léiríonn leas dlisteanach**, fianú agus úsáid á baint as an bhfoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn I[...].

Airteagal 15a

Cúnamh dlíthiúil

Duine a dhéanann iarratas ar chúnamh dlíthiúil agus a thairbhígh, sa Bhallstát tionscnaimh, de chúnamh dlíthiúil nó de dhíolúine ó chostais nó ó chaiteachas go hiomlán nó go páirteach, beidh an duine sin i dteideal, in aon imeachtaí chun beart a aithint nó a fhorfheidhmiú, tairbhe a bhaint as cúnamh dlíthiúil nó díolúine ó chostais nó ó chaiteachas i gcomhréir le dlí an Bhallstáit ina dtionscnaítear na himeachtaí.

Caibidil V

IONSTRAIMÍ BARÁNTÚLA

Airteagal 16

Ionstraimí barántúla a ghlacadh

1. Beidh na héifeachtaí fianaiseacha céanna i mBallstát eile ag ionstraim bharántúil a bhunófar i mBallstát agus a bheidh aici sa Bhallstát tionscnaimh nó beidh na héifeachtaí is inchomparáide aici, ar choinníoll nach mbeidh sé sin contrártha go follasach don bheartas poiblí sa Bhallstát [...] **ina dtíolacfar é.**
2. Comhlíonfaidh an ionstraim bharántúil a thabharfar ar aird na coinníollacha is gá chun a barántúlacht sa Bhallstát tionscnaimh a shuíomh.

Airteagal 17

Fianú maidir le hionstraimí barántúla

1. Duine ar mian leis ionstraim bharántúil a úsáid i mBallstát eile, féadfaidh sé nó sí iarraidh ar an údarás [...] a tharraing suas an ionstraim bharántúil go foirmiúil nó a chláraigh an ionstraim bharántúil go foirmiúil sa Bhallstát tionscnaimh [...] **fianú a eisiúint agus úsáid á baint aige nó aici as** an bhfoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn II [...].
2. **I gcás inar gá, féadfaidh a cheangal ar an duine a bhfuil an ionstraim bharántúil á húsáid aige nó aici, i gcomhréir le hAirteagal 57a, aistriúchán nó traslitriú d'ábhar an fhianaithe a chur ar fáil.**

[...]